

## Aire gan Ghaeilge

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin Aire nua sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Pléigh na ceistanna thíos leis an duine in aice leat sula bhféachann sibh ar an mír.

1. An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, dar leat? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil meath ag teacht ar an nGaeilge mar theanga an phobail sna Gaeltachtaí, dar leat?
3. Cén tionchar a bheidh ar mheath na Gaeilge sna Gaeltachtaí ar bheatha na teanga ar fud na tíre?



### Ceist 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí brí na bhfocal agus na bhfrásaí thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír ar ball.

- sásta a ghealladh
- go bhfoghlaimeoidh sí Gaeilge
- tá an ceapachán cáinte
- tagtha chun cinn
- i measc na gcritéar
- aireacht shinsearach
- bheadh daoine ag súil
- in ómós duine
- dá mbeadh sé fós ina bheatha
- figiúirí daonáirimh
- an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch
- na saineolaithe
- tobar

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus cluas le héisteacht agaibh le haghaidh na bhfrásaí thuas.

**Ceist 3**

Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis thíos:

1. Níl Josepha Madigan sásta a rá go bhfoghlaim sí an Ghaeilge ar eagla go dteipfeadh uirthi í a fhoghlaim.
2. Tá an ceapachán cáinte ag pobal na Gaeilge mar gealladh dóibh go mbeadh Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le Gaeilge tofa don bhliain 2018.
3. Is í Josepha Madigan an ceathrú haire gan Ghaeilge a ceapadh le blianta beaga anuas.
4. Ní chuireann sé isteach nó amach ar Paula Melvin mura bhfuil an Ghaeilge ag an aire nua.
5. Dar le hÍte Uí Chionnaith, bhí an fhadhb chéanna ann 20 bliain ó shin.
6. Tá titim 11% tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh istigh den Ghaeltacht.
7. Tá Máirín Ní Ghadhra dóchasach faoi staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí.
8. Tá Micheál Ó Gruagáin imníoch faoi staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí.

**Ceist 4**

‘...an tríú haire...’

- A. Breac síos na horduimhreacha 1 – 10.
- B. Bain úsáid as na hainmfhocail seo chun na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a léiriú: *áit, duine* agus *ceoltóir*.

**Ceist 5**

An Aidiacht Bhriathartha

Bhí samplaí den aidiacht bhriathartha le cloisteáil sa mhír. Scríobh síos an aidiacht bhriathartha de na briathra seo thíos:

ceap	_____
cáin	_____
leag	_____
tar	_____
fág	_____

Féach ar an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 6**

Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

*Ní bheidh aon duine in Éirinn ag labhairt Gaeilge faoi dheireadh an chéid seo.*

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

### Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

- sásta a ghealladh – *willing to promise*
- go bhfoghlaimoidh sí Gaeilge – *that she'll learn Irish*
- tá an ceapachán cáinte – *the appointment has been criticised*
- tagtha chun cinn – *come to light*
- i measc na gcritéar – *among the criteria*
- aireacht shinsearach – *senior ministry*
- bheadh daoine ag súil – *people would be expecting*
- in ómós duine – *pay homage to someone*
- dá mbeadh sé fós ina bheatha – *if he were still alive*
- figiúirí daonáirimh – *census figures*
- an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch – *comprehensive linguistic study*
- na saineolaithe – *the experts*
- tobar – *well*

### Ceist 3

1. Fíor.
2. Bréagach. Tá an ceapachán cáinte mar nach bhfuil aon Ghaeilge ag an Aire nua.
3. Bréagach. Is í an tríú haire gan Ghaeilge.
4. Bréagach. Tá an-díomá uirthi.
5. Bréagach. Ní tharlódh a leithéid 20 bliain ó shin, dar léi.
6. Fíor.
7. Bréagach. Níl sí dóchasach faoin scéal agus ceapann sí gur cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.
8. Fíor.

### Ceist 4

		áit	duine	ceoltóir
1	an chéad	áit	duine	cheoltóir
2	an dara	háit	duine	ceoltóir
3	an tríú	háit	duine	ceoltóir
4	an ceathrú	háit	duine	ceoltóir
5	an cúigiú	háit	duine	ceoltóir
6	an séú	háit	duine	ceoltóir
7	an seachtú	háit	duine	ceoltóir
8	an t-ochtú	háit	duine	ceoltóir
9	an naoú	háit	duine	ceoltóir
10	an deichiú	háit	duine	ceoltóir

### Ceist 5

ceap	<i>ceaptha</i>
cáin	<i>cáinte</i>
leag	<i>leagtha</i>
tar	<i>tagtha</i>
fág	<i>fágtha</i>

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Níl an tAire nua Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Josepha Madigan, sásta a ghealladh go bhfoghlaim sí Gaeilge le faitíos nach n-éireoidh léi sin a dhéanamh, a deir sí. Is í Josepha Madigan an tríú haire sinsearach atá ceaptha sa Roinn atá freagrach as cúrsaí Gaeltachta, nach bhfuil Gaeilge líofa aici. Tá an ceapachán cáinte ag go leor de phobal na Gaeilge, go háirithe agus 2018 leagtha amach mar bhliain na Gaeilge.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Is léir nach bhfuil an tAire sinsearach nua atá ceaptha do Roinn na Gaeltachta ag tabhairt aon ghealltanais go luífidh sí isteach ar fhoghlaim na Gaeilge. Jimmy Deenihan 2011, Heather Humphreys 2014 agus an tAire Madigan 2017. Is léir go bhfuil sé tagtha chun cinn mar phatrún nach bhfuil cumas teanga i measc na gcritéar roghnaithe don aireacht shinsearach sin. Údar éadóchais b'fhéidir, do phobal na Gaeilge.

### **Paula Melvin**

Dar ndóigh tá an-díomá orm nach bhfuil Gaeilge ag an Aire nua ach tá mé ag súil le bualadh léi agus an plean infheistíochta agus an Ghaeilge, ach go háirithe an Ghaeilge sa Ghaeltacht, a phlé léi agus tá súil againn go mbeidh dul chun cinn ar an bplean infheistíochta amach anseo.

### **Íte Ní Chionnaith**

Chuir sé uafás orm ar bhealach gur ceapadh Aire eile Gaeltachta gan Ghaeilge. Ní dóigh liom go dtarlódh sé seo fiche bliain ó shin. Bheadh daoine ag súil, thar aon rud eile, go mbeadh Gaeilge ag an duine a bhí mar Aire Gaeltachta.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Tá muid anseo ag ócáid in ómós duine a mbeadh neart le rá aige ar an ábhar seo, dá mbeadh sé fós ina bheatha. Agus ní hé gur ceapachán an Aire nua an t-aon tuar éadóchais a bhí ag lucht na Gaeilge i mbliana. Ar ndóigh, foilsíodh figiúirí daonáirimh níos túisce i mbliana a léirigh go bhfuil titim 11% tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla taobh istigh den Ghaeltacht. Tá na figiúirí sin ag teacht leis an taighde cáiliúil sin a rinneadh deich mbliana ó shin, an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht<sup>1</sup>, ina ndúradh nach raibh ach idir cúig bliana déag agus fiche bliain fágtha ag an nGaeilge mar theanga phobail sa nGaeltacht.

### **Máirín Ní Ghadhra, Craoltóir agus iníon le Nollaig Ó Gadhra**

Ó thaobh na Gaeilge sa nGaeltacht, tá na figiúirí ar fad, tá na saineolaithe ar fad ag rá go bhfuil cúrsaí go dona. Anois, mar bhean Ghaeltachta, mar bhean atá ina cónaí sa nGaeltacht agus mar mháthair, creidim go bhfuil ar a laghad glúin nó dhó eile do chainteoirí dúchais amach romhainn ach caithfear aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

### **Micheál Ó Gruagáin**

Is í an tobar í an Ghaeltacht agus is gá go ndéanfaí gach rud chun an tobar sin a choimeád agus is léir go bhfuil Gaeltachtaí ag éirí níos laige i ndiaidh a chéile agus go háirithe tá Gaeltacht Mhaigh Eo an-lag ar fad, ceapaim.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath

---

<sup>1</sup> sa Ghaeltacht an leagan caighdeánach